2010. M 75T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2010***

# *Staidéar Foirgníochta*

## *Teoiric - Gnáthleibhéal*

***(200 marc)***

***Dé Céadaoin, 23 Meitheamh***
***Tráthnóna, 2:00 - 4:30***

***(a)*** *Freagair **Ceist 1** agus **trí** cheist eile.*

***(b)*** *Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.*

***(c)*** *Ní mór na freagraí a scríobh i ndúch.*


***(d)*** *Ní mór na líníochtaí agus na sceitsí a dhéanamh le peann luaidhe.*

***(e)*** *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir roimh gach freagra ar leith.*

***(f)*** *Ba chóir saorsceitsí néata a dhéanamh chun tuairiscí scríofa a léiriú.*

***(g)*** *Ní mór ainm, méideanna, toisí agus sonraí riachtanacha eile i gcás gach ábhair ar leith a luaitear a bhreacadh ar an líníocht.*


**1.** Is urlár soladach coincréite é urlár na talún i seomra suí agus tá bailchríoch de thíleanna cairéil 20 mm air mar a thaispeántar. Is blocbhalla coincréite 350 mm é balla seachtrach an tseomra suí agus tá cuas inslithe ann. Tá an balla plástráilte ar an dá thaobh. Is fotha stéille traidisiúnta é an fotha.



**(a)** Tarraing de réir scála 1:5, gearradh ceartingearach tríd an mballa seachtrach agus trí urlár na talún. Ba chóir go dtaispeánfadh an gearradh na sonraí tógála go léir ó bhun an fhotha go dtí 400 mm os cionn leibhéal críochnaithe an urláir. Taispeáin gnáthmhéid **ceithre** cinn de na príomhpháirteanna.

**(b)** Taispeáin ar an líníocht na gnáthshonraí dearaidh chun droichead teirmeach/fuar a chosc ag cumar an urláir choincréite agus an bhalla sheachtraigh.

**2.** Tá sé ar intinn ag úinéir tí a tógadh sna 1960idí insliú a chur leis na ballaí seachtracha agus le spás an áiléir chun leibhéil an inslithe theirmigh a fheabhsú. Is blocbhalla coincréite 300 mm é an balla seachtrach agus tá cuas neamhinslithe ann. Tá spás an áiléir neamhinslithe freisin. Tá sé i gceist insliú a instealladh isteach i gcuas na mballaí seachtracha.




**(a)** Bain úsáid as nótaí agus as ***sceitsí néata saorláimhe*** agus déan cur síos ar na gnáthaimh atá le leanúint nuair a bhíonn insliú á instealladh isteach sa chuas. Sonraigh an cineál inslithe atá le húsáid.

**(b)** Pléigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an modh inslithe cuais seo.

**(c)** Bain úsáid as nótaí agus as ***sceitsí néata saorláimhe*** agus taispeáin conas atá an t-áiléar le hinsliú. Bíodh insliú an umair stórála uisce san áireamh agat. Sonraigh an t-ábhar inslithe don áiléar agus luaigh a ghnáth-thiús.

**3.** Taispeántar sa sceitse sorn a dhónn adhmad agus cúlchoire feistithe leis. Tá an cúlchoire ceangailte de shorcóir neamhdhíreach le huisce te a sholáthar do theach cónaithe.



**(a)** Bain úsáid as ***léaráid aonlíneach le lipéid*** agus taispeáin an phíbobair atá riachtanach chun an cúlchoire, an sorcóir agus an t-umar borrtha a nascadh.

Bíodh na nithe seo a leanas sa léaráid agat:

- cúlchoire agus sorcóir neamhdhíreach
- umar borrtha agus píobán sceite
- príomhphíobán ardaitheach
- píbobair agus insliú
- comhlaí

**(b)** Pléigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le sorn a dhónn adhmad a úsáid chun uisce te an tí a théamh.

**4.** Taispeántar doras péine soladach agus fráma an dorais sa sceitse atá leis seo. Tá an doras agus an fráma feistithe i mblocbhalla inmheánach coincréite 100 mm atá plástráilte ar an dá thaobh.




**(a)** Bain úsáid as nótaí agus as ***sceitsí néata saorláimhe*** agus taispeáin conas a chinntiú go bhfuil fráma an dorais cóimeáilte go dronuilleach sula bhfeistítear an doras.

**(b)** Bain úsáid as nótaí agus as ***sceitsí néata saorláimhe*** agus taispeáin conas atá fráma an dorais feistithe sa bhlocbhalla.

**(c)** Sceitseáil inse oiriúnach don doras seo agus taispeáin, agus nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** á n-úsáid agat, na céimeanna atá i gceist i bhfeistiú inse amháin ar an doras.

**5.** Tá landair stoda neamh-ualachiompartha adhmaid idir dhá sheomra codlata ar an gcéad urlár de theach cónaithe dhá stór, mar a thaispeántar sa sceitse seo. Is iad toisí na ngiarsaí ar an gcéad urlár ná 225 mm × 50 mm. Urlár teanga agus eitre é an t-urlár agus tá síleáil de phlástarchlár faoi. Tá doras comhréidh painéalta feistithe sa landair.



**(a)** De réir scála 1:5, tarraing gearradh ceartingearach tríd an urlár agus an landair stoda. Taispeáin na sonraí tógála go léir ó bhun na síleála plástarchláir, trí ghiarsaí an urláir, tríd an doras agus an diallait go dtí pointe 1.5 méadar os cionn leibhéal críochnaithe an urláir. Cuir lipéad ar na comhpháirteanna agus tabhair a ngnáth-thoisí.

**(b)** Taispeáin ar do líníocht modh **amháin** a chuideoidh chun tarchur fuaime tríd an landair stoda a laghdú.

**6.** **(a)** Liostaigh **dhá** réamhchúram shonracha sábháilteachta nach mór cloí leo i n**gach** ceann de na suímh seo a leanas agus tabhair fáth **amháin** le gach réamhchúram sábháilteachta atá liostaithe:

- dréimire á úsáid le linn balla seachtrach a phéinteáil
- scian veinírithe á húsáid chun veiníri a ghearradh
- preabshábh á úsáid chun painéal adhmaid a ghearradh.

**(b)** Bain úsáid as nótaí agus as ***sceitsí néata saorláimhe*** agus déan cur síos ar **dhá** réamhchúram shonracha sábháilteachta ba cheart a chomhlíonadh nuair a bhíonn uirlisí leictreacha á n-úsáid lasmuigh.

**7.** Tá díon le balla ar shíneadh a cuireadh le taobh teach cónaithe, mar a thaispeántar sa sceitse leis seo. Taispeántar umar stórála uisce báistí freisin.



**(a)** Bain úsáid as nótaí agus as ***sceitsí néata saorláimhe*** agus taispeáin conas a bhailítear an t-uisce báistí ón díon le balla agus conas a ligtear isteach i ngaiste gáitéir é ar leibhéal na talún. Cuir lipéad ar na comhpháirteanna agus luaigh a ngnáth-thoisí.

**(b)** Seoltar an t-uisce báistí go dtí an t-umar stórála uisce faoin talamh lena athúsáid. Bain úsáid as nótaí agus as ***sceitsí néata saorláimhe*** agus taispeáin an phíbobair atá riachtanach chun an t-uisce báistí a thabhairt ón gaiste gáitéir go dtí an t-umar, agus taispeáin suíomh scagaire uisce báistí sa chóras seo.

**(c)** Pléigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le huisce báistí a stóráil agus luaigh **dhá** úsáid oiriúnacha don uisce báistí stóráilte.

**8.** Bain úsáid as nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** agus mínigh **cúig** cinn ar bith díobh seo a leanas:

- lindéar
- diallait dorais
- gloiniú triarach
- moirtís agus tionúir
- sábhadh ceathrún
- leac fuinneoige
- rátáil fuinnimh
- maide mullaigh
- galbhacainn.

**9.** Taispeántar ardán de thithe traidisiúnta sa sceitse a ghabhann leis seo. Tá díonta sclátaí, fuinneoga agus doirse adhmaid ar na tithe. Tá gá ag na fuinneoga le deisiúchán.



**(a)** Pléigh **dhá** chúis a bhfuil sé inmholta na fuinneoga adhmaid atá sna tithe seo a dheisiú seachas fuinneoga nua a chur ina n-áit.

**(b)** Bain úsáid as nótaí agus as ***sceitsí néata saorláimhe*** agus déan cur síos ar na céimeanna atá le leanúint chun pána gloine nua a chur in áit pána bhriste i gceann amháin de na fuinneoga.

**(c)** Bain úsáid as nótaí agus as ***sceitsí néata saorláimhe*** agus déan cur síos ar na céimeanna atá le leanúint nuair a bhíonn an phéint atá ann faoi láthair á baint, an dromchla á ullmhú agus fráma na fuinneoige á hathphéinteáil i gceann amháin de na tithe.

Leathanach Bán

2010 M.77(L)

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

***Scrúdú Ardteistiméireachta, 2010***
***Leaving Certificate Examination, 2010***

# *Staidéar Foirgníochta*
## *Adhmadóireacht -Triail Phraiticiúil*

# *Construction Studies*
## *Woodwork - Practical Test*


*(150 marc/marks)*

**Note:** For clarity, some hidden detail has been omitted from the drawing.
**Nóta:** Tá roinnt sonraí fágtha ar lár as an líníocht ar mhaithe le soiléireacht.


Hand up this examination paper to the **Superintendent** at the end of examination.
Tabhair ar ais an scrúdpháipéar seo don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

# Easel / Tacas


Length/Fad:
A = 210 mm
B = 255 mm
C = 210 mm
Dowel/Dual = 130 mm





Elevation/Aghaidhchló




End View/Taobhchló







Slope of Dovetail
Claonadh an Déadailt
1:6

Plan/Bonnchló

Shaping of edges is left to the candidate
Fágtar faoin iarrthóir na gcorr a chríochnú go cuí

Ø13mm hole, centrally located
An poll, Ø13mm, suite go lárnach



***Note:*** Hand up this examination paper to the **Superintendent** at the end of examination.
***Nóta:*** Tabhair ar ais an scrúdpháipéar seo don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

Hand up this examination paper to the
**Superintendent** at the end of the examination

Tabhair ar ais an scrúdpháipéar seo don
**Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe